

CÍOS NA SRÓINE.

An mhuintir a chuir na Flaitheartaigh ar gcúl, Iarlacha Clann Riocaird, bhíodh cíos dá bhaint amach aca agus mara mbeadh an cíos ag fear dóibh bhí an tsrón le baint de.(Cíos a bhíodh ag na Loclannaigh ar Éireannaigh.)

Bhíodh Maorla na mBeachann ag imteacht leis na lochanna agus níl aon áit a bhfágadh sé lorg madra uisge nach ndeanfadh sé poll ann agus bheadh an madra uiagre báidthe aige i gceann trí lá. Bhíodh an poll comhang in uachtar agus fairsing in íochtar. Ní raibh aon aithne ar bhéal an phoill ach oiread leis an gcuid eile den chasán. Bhíodh an sgraith leagtha ar an bpoll aige agus maide bradach faoi. Bhíodh an chréafóg caithte abfad ón bpoll aige.

Nuair a thigeadh an madra uisge ar an bpointe is a sheasad sé ar an sgraith bhí an maide bradach imtighe síos agus an sgraith is an madra uisge ina dhiadh. Bhíodh uisge sa bpoll. Bhíodh an poll comhang ar uachtar agus fairsing ar íochtar agus ní bhíodh an madra uisge i ndon eirghe as.